An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Meánscoil na Trócaire Cnoc an tSeabhaic, Trá Lí, Co, Chiarraí.

Uimhir Rolla: 68070E

Dáta na cigireachta: 30 Aibreán 2015



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta:	**28 – 30 Aibreán 2015**
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 12 thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Is iomaí ceacht ina raibh an soláthar idir inmholta agus go maith agus tugadh an-mholadh don chleachtas i ndá chás.
- Bhí úsáid na Gaeilge i dtreis sna ranganna ar fad agus is minic arbh í an Ghaeilge an t-aon mheán cumarsáide idir na rannpháirtithe uile.
- I gcás gach ceacht, bhí na scoláirí uile lánghníomhach agus is minic a cruthaíodh deiseanna fiúntacha ar an idirghníomhacht.
- Rinneadh monatóireacht an-mhaith ar obair scoláirí le linn ceachtanna ach aithníodh féidearthachtaí ar an dea-chleachtas, a breathnaíodh i roinnt bheag cásanna, i gcás monatóireacht ar obair scríofa a leathnú.
- Bhí an t-ullmhúchán a rinneadh do cheachtanna an-mhaith.
- Tá an cháipéisíocht a ghabhann leis an bpróiseas um phleanáil ábhair ar ardcháilíocht.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go n-áireofaí sealbhú ar mhúnlaí cainte mar ceann de thorthaí foghlama gach ceacht.
- Ba cheart measúnú foirmeálta a dhéanamh ar chumas labhartha scoláirí sóisearacha ar bhonn tráthrialta.

RÉAMHRÁ

Is iarbhunscoil chomhoideachais a fheidhmíonn faoi choimirce CEIST í Meánscoil na Trócaire Cnoc an tSeabhaic. 1211 scoláire atá cláraithe don scoilbhliain 2014/2015. Croí-ábhar is ea an Ghaeilge ar churaclam na scoile, mar atá an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain, atá mar chlár roghnach, an Ardteistiméireacht bhunaithe agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Tá díolúine ón nGaeilge ag 13% den díorma iomlán scoláirí. Triúr múinteoirí déag atá i roinn na Gaeilge.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí éagsúlacht i gcáilíocht an teagaisc agus na foghlama thar na ceachtanna a breathnaíodh. Ba thairbheach an cleachtas i mórán ceachtanna, go háirithe sa mhéid go raibh an Ghaeilge á úsáid mar theanga bheo sna ranganna.Tugadh moladh an-ard don chleachtas a breathnaíodh i gcás amháin agus breathnaíodh cleachtas an-ráthúil le linn ceachta eile. Is iomaí sampla den dea-chleachtas a breathnaíodh i gcoitinne agus tugadh suntas don chaoi ina raibh obair na múinteoirí uile treoraithe ag smaointeoireacht a dhírígh ar áit lárnach a thabhairt don fhoghlaimeoir i bpróiseas na foghlama.
- Bhí úsáid na Gaeilge i dtreis sna ranganna uile. Ba léir, i gcoitinne, go raibh taithí ag scoláirí ar an dea-chleachtas seo agus rinne a bhformhór iarracht inmholta ar pé Gaeilge a bhí acu a úsáid. I gcás amháin, ina raibh cumas ginearálta an ghrúpa íseal, tugadh suntas faoi leith don chaoi arbh fhéidir leis na rannpháirtithe uile cumarsáid a dhéanamh lena chéile i nGaeilge amháin. Moltar go leathnófaí an dea-chleachtas seo trí na tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí foghlama cuí a chur ar fáil do scoláirí.
- Roinneadh na torthaí foghlama inmhianaithe le scoláirí ag tús na gceachtanna uile. I roinnt bheag cásanna, rinneadh tagairt do na torthaí i rith an cheachta de réir mar a comhlíonadh iad. Bhí fiúntas ag baint leis seo: shoiléirigh sé an t-aistear foghlama do scoláirí sa mhéid gur aithin siad na torthaí a bhí ar a gcuid rannpháirtíochta de réir mar a bhain siad amach iad.
- Bhí scoláirí lánghníomhach i rith ceachtanna agus formhór mór an ama, ghlac siad páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla a chuir orthu cleachtadh a dhéanamh ar na ceithre scil teanga. Is minic a díríodh a n-aird ar an stór focal a bhain le topaic an cheachta.
- Ba mhaith an ní é go ndearnadh pointí teanga a mhíniú do scoláirí de réir mar a thángthas orthu. Cleachtas thar a bheith fiúntach, a breathnaíodh, i roinnt bheag cásanna, ná aird scoláirí á díriú ar mhúnlaí cainte a d'fhéadfaí a úsáid le linn gníomhaíochtaí. B'fhearr fós an cleachtas nuair a cuireadh ar scoláirí fuaimniú an fhoclóra agus ionramháil na múnlaí cainte a chleachtadh ó bhéal. Déantar moladh láidir go leathnófaí an dea-chleachtas seo agus go mbeadh sealbhú ar mhúnlaí cainte mar cheann de thorthaí foghlama gach ceacht.
- Cruthaíodh deiseanna ar an idirghníomhaíocht sna ranganna uile, cur chuige a spreag cumarsáid agus comhfhoghlaim i measc scoláirí. Is minic a bhí rath ar an obair seo, go háirithe nuair a dearadh tascanna ar shlí a chinntigh go raibh gach scoláire lánpháirteach. Meabhraítear do mhúinteoirí an tábhacht a bhaineann le monatóireacht chuí a dhéanamh ar obair ghrúpa trí éisteacht leis an ionchur agus comhairle a chur ar ghrúpaí agus ar scoláirí aonair dá réir. Ba cheart difreáil a dhéanamh ar an gcomhairle seo, bíodh míniú símplithe do scoláire ar chumas íseal nó sealbhú ar fhrása saibhir do scoláire cumasach i gceist.
- Baineadh leas éifeachtach as rogha acmhainní chun tacú leis an bpróiseas foghlama. Ba mhór an chabhair na híomhánna chun caint agus tuairimíocht a spreagadh chomh maith leis na leathanaigh oibre a thug creat do scoláirí agus tascanna scríbhneoireachta á

gcomhlíonadh acu. Tugadh suntas leis don úsáid fhiúntach a bhain roinnt mhúinteoirí as teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) chun beocht a chur sna ranganna agus chun teacht ar théacsanna dílse.

- Rinne gach múinteoir monatóireacht ar dhul chun cinn scoláirí i rith an cheachta. Is minic a ghluais múinteoirí i measc a gcuid scoláirí le linn tascanna comhfhoghlama. Baineadh leas as an gceistiú chun tuiscint scoláirí aonair ar ábhar an cheachta a thomhas. B'fhearr na straitéisí ceistiúcháin sna cásanna inar cuireadh ceisteanna ar shlí a spreag gach scoláire chun freagra a sholáthar agus nuair a ceartaíodh botúin ar shlí chneasta chabhrach.
- Bhí éagsúlacht i gcáilíocht na monatóireachta ar obair scríofa na scoláirí. Den chuid is mó, bíonn ceacht scríofa le déanamh ag scoláirí ar bhonn rialta agus déantar é a cheartú. I gcás amháin tugadh suntas don chaoi inar díríodh aird scoláirí ar a gcuid láidreachtaí agus ar réimsí forbartha san aiseolas soiléir chun feabhais a tugadh dóibh. Is an-chleachtas é seo agus ba cheart é a leathnú.
- Déantar cumas labhartha scoláirí na cúigiú agus na séú bliana a thástáil i bhfoirm scrúduithe cainte foirmeálta, cleachtas a mholtar. Meascán de chleachtais atá i gceist sna bliainghrúpaí eile, ag brath ar chur chuige múinteoirí aonair. Ba cheart a chinntiú go dtugann an córas measúnaithe aitheantas do scileanna labhartha na scoláirí uile ar bhonn tráthrialta.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tacaíonn an tráthchlár le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge. Tionóltar ranganna Gaeilge ionas gur féidir le gach scoláire freastal ar rang ardleibhéil, más cuí. Moltar go bhfiosrófaí an fiúntas a bhainfeadh le córas ilchumais a chur i bhfeidhm i gcás rang-ghrúpaí sinsearacha gnáthleibhéil.
- Tá teileagóir sonraí i bhformhór na seomraí ranga. Tá *ipad* ag gach múinteoir, socrú a chinntíonn go mbíonn teacht acu ar a gcuid acmhainní leictreonacha féin pé áit ina mbíonn siad i bhfoirgneamh na scoile. Ba mhaith an ní é dá gcruthófaí breis deiseanna ar úsáid TFC do scoláirí le linn ceachtanna. B'fhiú leis féidearthachtaí a fhiosrú maidir le hacmhainn na teicneolaíochta chun measúnú ar chumas labhartha scoláirí a éascú.
- Tacaíonn rogha imeachtaí eischuraclaim le cur chun cinn na Gaeilge i saol na scoile agus tá pobal na scoile mórálach as a bhfuil bainte amach acu sa réimse seo. Is iomaí múinteoir atá láninniúil ar labhairt na Gaeilge agus ar mhór acu báidh don Ghaeilge agus don chultúr Gaelach a chothú sna scoláirí faoina gcúram. Bheadh próifil níos láidre fós ag an teanga sa scoil dá mbeadh an Ghaeilge níos feiceálaí ar fhoilseacháin agus ar chomharthaíocht na scoile.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá an cháipéisíocht a ghabhann leis an bpróiseas um phleanáil ábhair ar ardcháilíocht. Léiríonn a bhfuil ann go bhfuil baill na roinne oscailte roimh fhorbairtí i réimse an teagaisc agus na foghlama. Is maith an ní é go n-úsáidtear an próiseas pleanála chun an dul chun cinn a chlárú.
- Is maith an ní é go bhfuil cleachtas bunaithe maidir le comhordaitheoir roinne a cheapadh ar bhonn uainíochta toisc go neartóidh sé spiorad foirne na roinne. Moltar go mbainfí leas

as múnla féinmheastóireachta chun comhphlé a dhéanamh ar láidreachtaí agus chun díriú go comhoibritheach ar réimsí feabhais.

- Bhí dianullmhúchán déanta ag formhór mór na múinteoirí do na ranganna a breathnaíodh. Bhí réamhmhachnamh déanta acu ar chéimeanna an cheachta agus acmhainní réitithe a d'éascódh an fhoghlaim do scoláirí.
- Bhí an phleanáil don fhoghlaim ar ardcháilíocht nuair a aithníodh roimh ré na réimsí den teanga a bheadh á gcleachtadh ag scoláirí le linn gníomhaíochtaí. Ba thairbheach leis é nuair a beartaíodh ar thascanna réamhchumarsáide a chabhródh leo na focail agus na frásaí ábhartha a shealbhú.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis na príomhoidí tánaisteacha agus leis na múinteoirí Gaeilge. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Fáiltíonn Bord Bainistíochta Meánscoil na Trócaire Cnoc an tSeabhaic roimh an tuairisc chuimsitheach dhearfach seo ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge. Is ábhar sásaimh é go n-aithnítear na slite éagsúla ar a dtacaítear le teagasc na Gaeilge sa scoil i gcoitinne. Fáiltímid, go háirithe, roimh na príomhthátail a dhiríonn go dearfach ar cháilíocht an tsoláthair, na monatóireachta, an ullmhúcháin agus na pleanála chomh maith leis an gcaoi ina mbíonn an Ghaeilge in úsáid mar mheán cumarsáide sna ranganna uile. Ina theannta seo, aithnítear sa tuairisc an cleachtas tairbheach a chonacthas chomh maith le mórán samplaí 'de dhea-chleachtas a breathnaíodh i gcoitinne' (l.3)

Is iomaí ball foirne a bhfuil Gaeilge líofa aige/aici, rud a théann i bhfeidhm ar scoláirí sa mhéid go bhforbraíonn siad báidhiúlacht leis an teanga agus leis an gcultúr. Tá an Bord den tuairim go dtacaíonn sé seo le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha sa scoil. Chomh maith leis seo, ba mhaith leis an mBord aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht na múinteoirí Gaeilge, ar bhonn deonach agus leanúnach, i gclár d'imeachtaí eis-churaclaim a chuireann go mór le teagasc na Gaeilge agus le báidhiúlacht na scolairí leis an gcultúr, nithe atá mar chroí-lár d'eiteas na scoile.

Tugann an Bord moladh do na múinteoirí uile atá i Roinn na Gaeilge as an gcaoi dearfach inar ghlac siad leis an aiseolas.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Is ábhar sásaimh don Bhord é go bhfuil bainistíocht na scoile agus baill Roinn na Gaeilge ag obair i dtreo an dá phríomh-mholadh a chur i bhfeidhm, agus is í tuairim an Bhoird ná go gcuirfidh sé seo breis feabhais fós le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama san ábhar.